Dornálaíocht

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi Billy Walsh, príomhoiliúnaí Fhoireann Sinsir Dornálaíochta na hÉireann. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh na ceisteanna seo thíos leis an duine in aice leat.

1. An bhfuil aon chur amach agat ar chúrsaí dornálaíochta nó ar Billy Walsh? Roinn do chuid eolais leis an duine in aice leat, má tá.
2. An raibh tú riamh ag cluiche dornálaíochta? An mbeadh spéis agat dul ag féachaint ar cheann?

Ceist 2 Gan féachaint ar an mír, déanaigí iarracht Gaeilge a chur ar na frásaí seo a leanas.

1. to agree a new contract: _____
2. to accept a new job: _____
3. he has left/retired from his job: _____
4. satisfactory terms: _____
5. his expertise: _____
6. very disappointed: _____
7. to come to an agreement: _____
8. it took them by surprise: _____

Ceist 3 Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre. Labhair leis an duine in aice leat ansin le feiceáil cad a scríobh seisean/sise. Bain úsáid as na focail thuas chun cabhrú libh.

Ceist 4 Anois féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo thíos.

1. Cad as a bhí an Fhoireann Sinsir Dornálaíochta tar éis teacht cúig lá sular éirigh Billy Walsh as a phost?
2. Cén fáth a measann daoine gur drocham é seo do Walsh éirí as a phost?
3. Cá fhad atá Billy Walsh ag obair mar oiliúnaí le Cumann Dornálaíochta na hÉireann?

Ceist 5 **“**téarmaí sásúla”

(a) Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail thuas?

(b) Bain triail as na frásaí thíos a chur san uimhir iolra:

bliain dheacair: _____
ceist chonspóideach: _____
scéal brónach: _____
cluiche garbh: _____

(c) Bí cúramach le hainmfhocail a chríochnaíonn ar chonsan caol **san uimhir iolra**. An bhfuil a fhios agat cad a tharlaíonn do na haidiachtaí a leanann iad?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

- An dóigh leat go mbíonn saol crua ag lúthchleasaithe proifisiúnta? Cén fáth?
- Ar ghlac tú féin riamh páirt i gcomórtas? Conas a bhraith tú agus tú ag glacadh páirte ann?
- An dtaitníonn iomaíocht leat nó an gcuireann sé faoi bhrú tú?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga chun na ceisteanna a fhreagairt.

Ceist 2

1. to agree a new contract:	conradh nua a aontú
2. to accept a new job:	glacadh le post nua
3. he has left/retired from his job:	tá sé tar éis éirí as a phost
4. satisfactory terms:	téarmaí sásúla
5. his expertise:	a chuid saineolais
6. very disappointed:	an-díomách
7. to come to an agreement:	teacht ar réiteach
8. it took them by surprise:	tháinig sé aniar aduaidh orthu

Ceist 3
Caithfidh na foghlaimeoirí achoimre ghairid a scríobh ar ábhar na míre tar éis dóibh éisteacht leis an tuairisc uair amháin. Tabhair seans dóibh an méid a scríobh siad a chur i gcomparáid le chéile.

Ceist 4
1. As Craobhacha Sinsir an Domhain i gCatar. (‘Sa Chatar’ a deirtear sa mhír.)
2. Mar ní fada uainn na Cluichí Oilimpeacha i Río.
3. Dhá bhliain déag.

Ceist 5
(a) An aidiacht ag réiteach leis an ainmfhocal iolra.
(b)

bliain dheacair:	blianta deacra
ceist chonspóideach:	ceisteanna conspóideacha
scéal brónach:	scéalta brónacha
cluiche garbh:	cluichí garbha

(c) Séimhítear aidiachtaí nuair a leanann siad ainmfhocail a chríochnaíonn ar chonsan caol **san uimhir iolra**, agus cuirtear san uimhir iolra iad e.g. crainn **mh**óra; ceantair **bh**ochta; amhráin **fh**ada.

Ceist 6
Cuir gach beirt nó triúr ag obair le chéile chun na ceisteanna a phlé.

Tá Billy Walsh tar éis éirí as a phost mar phríomhoiliúnaí ar Fhoireann Sinsir Dornálaíochta na hÉireann. Tá comhráite ar bun idir é agus Cumann Dornálaíochta na hÉireann le os cionn leathbhliana[1] féachaint conradh nua a aontú. Ach d'fhógair sé ar maidin nach raibh aon mhaith déanta agus go raibh sé le post eile a ghlacadh thar lear.

Ruairí Mac an Iomaire
Cúig lá tar éis d'Fhoireann Dornálaíochta na hÉireann filleadh go caithréimeach le bonn óir, le bonn airgid agus le bonn cré-umha ó Chraobhacha Sinsir an Domhain i gCatar[2], tá príomhoiliúnaí na foirne, Billy Walsh, ó Loch Garman, tar éis éirí as a phost. I ráiteas a d'eisigh sé ar maidin, dúirt sé go raibh ocht mí caite aige ag iarraidh teacht ar chomhaontú le Cumann Dornálaíochta na hÉireann maidir le téarmaí sásúla do chonradh nua ach nach raibh a leithéid indéanta. Is scéal é a bhain creathadh as pobal an spóirt ó cheann ceann na tíre.

Colmán Ó Flatharta
Is scéala é nach raibh mé ag iarraidh a chloisteáil mar tá rudaí chomh gar do na cluichí i Rio...Oilimpeacha agus ní bheifeá ag iarraidh scéala mar seo a chloisteáil, go mór mór an méid a bhí bainte amach aige, ag Billy agus ag Zaur agus ag na cóitseáilthe eile taobh thiar ansin. Foireann bhreá[3] curtha le chéile aige le, tá sé chomh maith duit a rá, le gar do scór blianta. Ach ní bhreathnaíonn sé iontach le haghaidh na todhchaí ach is cailliúint é seo mar, mar a deir mé ar ball, is foireann a bhí iontu. Bhí siad féin ag obair as lámh a chéile agus bhí sé éasca oibriú leo.

Ruairí Mac an Iomaire
Bhí Comhairle Spóirt na hÉireann lárnach sna hiarrachtaí teacht ar réiteach is cosúil agus ainneoin gur aontaigh siadsan téarmaí sásúla le Billy Walsh ar chonradh nua i mí Lúnasa, dhiúltaigh an Cumann Dornálaíochta don mholadh sin. Tá a ndíomá léirithe inniu ag an gComhairle Spóirt agus ag an Aire Spóirt, Michael Ring, go bhfuil Walsh anois éirithe as. I ráiteas a d'eisigh Cumann Dornálaíochta na hÉireann tráthnóna, dúirt siadsan gur le croí trom a ghlac siad le cinneadh Billy Walsh éirí as, gur a chinneadh féin a bhí ann, go bhfuil siad an-díomách bheith anois d'uireasa a chuid saineolais agus ghlac siad buíochas leis as gach a bhfuil déanta aige sa rannóg ardghníomhaíochta dornálaíochta leo ó 2003 i leith.

Colmán Ó Flatharta
Is ea, is feall é. D'airigh mise siar chomh fada le Feabhra go raibh rud éigin ag tarlú agus cuireann sé as do chóitseálaithe ar fud na hÉireann mar a déarfá, mar, mar a deir mé ar ball, bhí oiread aithne ag Billy ar chuile dhuine. Billy Walsh *was just* chuile shórt, an bhfuil a fhios agat? Ach arís, tá struchtúr maith ag an IABA faoi láthair ach is mór an feall nach raibh siad in ann a theacht ar réiteach.

Ruairí Mac an Iomaire
Tháinig cinneadh Billy Walsh fágáil aniar aduaidh freisin is cosúil ar go leor de na dornálaithe atá tar éis bláthú faoina chúram. É faoin stiúir, dar ndóigh, ó thús na ré órga dornálaíochta sa tír seo le dhá bhliain déag anuas. Tá sé anois le glacadh le post, is cosúil, le Foireann Náisiúnta Ban-Dornálaithe Mheiriceá.

Ruairí Mac an Iomaire, Nuacht TG4

[1] *leathbhliain* a deirtear sa mhír
[2] *sa Chatar* a deirtear sa mhír
[3] *foireann breá* a deirtear sa mhír